Séideán Sí

# Dalladh Dánta

Dearthóirí Áiseanna
Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

# Dalladh Dánta

Dearthóirí Áiseanna
Teagaisc na Gaeilge a thiomsaigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2012

ISBN 978-1-85791-812-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Áine Ní Ghlinn, Claire Lyons, Colette Nic Aodha, Éamonn Ó Ruanaí, Maria Ní Mhurchú, Patricia Forde, Seán Mac Dhonnagáin, Seán Ó Muimhneacháin, Siobhán Ní Mhuimhneacháin, Sorcha de Brún agus Uinsionn Ó Domhnaill a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Susan Meaney

Turner's Printing Co. Teo. a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*siopa@cnag.ie*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services,
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Clár


| | |
|---|---|
| Iontais Abhann | **4** |
| Na Scamaill | **5** |
| Haiku | **6** |
| Rang Oíche | **7** |
| An Súnámaí | **8** |
| Rap Craosach | **10** |
| Gaoth an Fhómhair | **12** |
| Leanbh an Chogaidh | **13** |
| Gloine Ildaite | **14** |
| An Céilí Mór | **16** |
| Dathanna | **19** |
| Síocháin | **20** |
| Tomás Dubh | **21** |
| Lá Fliuch | **22** |
| Bláithín Feoite | **24** |
| Cén fáth? | **25** |

# Iontais Abhann

*Siobhán Ní Mhuimhneacháin*

Is cuimhin liom an lá sin is mé ag siúl cois na habhann,
Bhí an éanlaith ag canadh go binn ar gach crann.
Bhí grian gheal an earraigh ag taitneamh sa spéir,
Is í ag lonrú anuas ar an áilleacht go léir.

D'fhanas ann tamall ag faire go géar,
Ar an abhainn bheag álainn lán de spórt agus scléip.
Í ag léim is ag rince, ag casadh is ag spraoi,
An abhainn aoibhinn álainn a d'ardaigh mo chroí.

Níorbh fhada gur thosaigh sí ag canadh is ag ceol,
Is i dteannta na héanlaithe do dheineadar cór.
I gcroílár an ghleanna níor airíodh aon fhuaim,
Ach ceol binn na habhann ag ceiliúradh go ciúin.

Ag casadh is ag lúbadh do dhein sí a slí,
Thar chreaga is chnoic, thar ghleannta is chrainn,
Gur imigh as radharc siar amach insa cheo,
Ach fanfaidh a háilleacht i mo chuimhne go deo.


# Na Scamaill

*Siobhán Ní Mhuimhneacháin*

Tráthnóna breá samhraidh is mé amuigh faoin aer,
Chonac scamaill bhána ar foluain sa spéir.
Do stán siad anuas orm gan deifir orthu ná moill –
Iad scaipthe thart mar a bheadh míreanna mearaí.

Bhí crogall is cearc ann is éinín beag bán,
Ag casadh, ag rince is ag canadh amhrán.
Do chroith siad a lámh chugam, is scread mé thar n-ais,
Ná himigí, a scamalla, ach fanaigí le m'ais.

Lasadh áthas is gliondar is grá i mo chroí,
Thug mé moladh agus buíochas is glóir do Dhia.
Nuair a d'fhéach mé arís bhí dath órga agus buí,
Ar na scamaill san iarthar is an ghrian ag dul faoi.





# Haiku

*Éamonn Ó Ruanaí*

Solas na gealaí
Ag cruthú míreanna mearaí
Ar urlár reoite coille

# Rang Oíche

*Colette Nic Aodha*

Aréir chuir an oíche an feisteas ab áille uirthi,
Gealach mhór bhuí.
Ní ar an mbóthar a bhí m'aird
Is mé ag tiomáint,
Fiú ag dul thar choirnéal –
Ach ar an ngealach.
B'éigean dom féachaint uirthi.

Ní fhéadfaí an radharc a shárú –
An spéir dhorcha,
Ag éirí níos dorcha,
An ghealach ag éirí níos gile,
Í mar a bheadh lampa nua ann.
Tháinig na réaltaí amach de gheit.

Ón uair a dúradh liom go raibh cuid acu
Níos mó agus níos teo ná an ghrian féin
Is iomaí sracfhéachaint a thug mé orthu,
Cuid acu ag pléascarnach, cuid eile ag titim,
Agus ní réaltaí tuilleadh acu – ach pláinéid!
Shílfeá gur as ríocht dhraíochtúil éigin
A d'éalaigh siad.
Níor fheil a n-áilleacht don domhan seo.

# An Súnámaí

*Áine Ní Ghlinn*

D'airigh ollphéist na mara
Cigilt faoina cosa,
Creathán i gcnámh a droma.
Shín sí a géaga uisciúla
Is dhúisigh …
DHÚISIGH.

*Cé a mhúscail mé?* a bhéic sí os ard.
Mar fhreagra ní bhfuair sí
Ach geonaíl ina bolg,
Geonaíl ocras na gcéadta bliain.
*Cé a mhúscail mé?*
*Cé a mhúscail*
*Ríonphéist na mara*
*As a codladh céad bliain?*

Mhéadaigh an gheonaíl
Nó go raibh sí ina stoirm thoirní.
Mhéadaigh an creathán
Nó gur tháinig scoilt i dtóin na mara.
D'oscail ollphéist na mara a béal.
I bhfad i gcéin chualathas geonaíl
A cuid ocrais, buillí a cuid feirge,
Í ar thóir díoltais, í ar thóir dinnéir.





Go tobann spréach sí,
Is mar a bheadh buama feirge inti
Réab roimpi i dtreo na trá.
Shlog siar tithe, óstáin, coillte,
Amharclanna, scoileanna.
D'alp siar ainmhithe, daoine.
Gorm, geal, ba chuma.
Líon siad uile an tonnbholg.

Faoi dheireadh, a sáith aici,
Thráigh sí siar
I dtreo na farraige móire.
Siar, siar, siar.
Gan fágtha ina diaidh aici
Ach marbhshruth deor.



# Rap Craosach

*Áine Ní Ghlinn*

**Chuaigh mé isteach**
**I mbialann mhór.**
**D'ith mé bia –**
**Go leor leor leor.**

**Ispín, bagún, ubh, arán.**
**D'ith mé iad ar fad**
**Ach ní raibh mo bholg lán.**

**D'ith mé cabáiste.**
**D'ith mé rís.**
**D'ith mé oráiste**
**Bhí mé ar bís.**

Ispín, bagún, ubh, arán.
D’ith mé iad ar fad
Ach ní raibh mo bholg lán.

D’ith mé práta.
D’ith mé tráta.
D’ith mé a thuilleadh
Ghlan mé an pláta.

Uachtar reoite,
Cúpla císte.
Ach an chéad rud eile –
Phléasc mo bhríste!
Bhí daoine ag béicíl.
Bhí daoine ag gáire.
Ó, nach ormsa
A bhí an náire!

Ispín, bagún, ubh, arán.
Nach orm a bhí an náire.
Slán, slán, slán.

# Gaoth an Fhómhair

*Claire Lyons*

Tá gaoth an fhómhair ar mire
I mo ghairdín cúil inniu –
Ina gealt ann –
Ag rothlú go fraochta,
Ag riastáil géaga,
Ag dó duilleog go donnrua is buí,
Á gcaitheamh go talamh ina nguairneáin dhaite:


Mo chrainn anois nochta go rúsc,
A bhfásra feannta,
Mar chaoirigh lomtha,
Soghonta.



# Leanbh an Chogaidh

*Seán Mac Dhonnagáin*

Mise leanbh an chogaidh.
Siúlaim,
Siúlaim ó bhaile.
Ní bhreathnaím,
Ní bhreathnaím thar mo ghualainn.
Ní chaoinim,
Níl deoir ar bith fágtha ionam.



# Gloine Ildaite

*Maria Ní Mhurchú*

Siúlaim cosnochta ar an ngaineamh crua,
Píosaí gloine caite anseo is ansiúd.
Piocaim suas píosa i mo ghlac,
Píosa gorm,
Cuimlím le mo mhéara é,
Greim daingean agam air.

Cuireann sé píosa gloine eile i gcuimhne dom.
Bhriseas lampa,
*Antique* a bhí ann,
Gloine ildaite ar fud na háite.
Dheineas iarracht na píosaí a bhailiú,
Ag iarraidh an damáiste a cheilt ar mo mhuintir,
Ach d'fhágas fuil ar fud an tí le m'útamáil.
Ocht mbliana d'aois a bhíos … ocht!

Tháinig Daid abhaile ón gcréimirí,
Mo dhá ghlúin ag cnagarnaigh
Nuair a chuala ag teacht an doras isteach
Chugam é.

Ach ní dúirt sé faic faoin lampa.
Mise a bhí ag déanamh imní dó.
Níor thuigeas é ag an am,
Ocht mbliana d'aois a bhíos … ocht!

Anois tá leanaí agam féin agus
Is minic a chuimhním ar Dhaid.
Déanann siadsan imní domsa anois – ní de bharr
*Antiques* gloine ildaite an tsaoil shoineanta fadó,
Ach de bharr gloiní ildaite de shaghsanna eile –
*Spritzers, snakebites, fat frogs* agus
*Tequila sunrise*.

Caithim an píosa gloine thar n-ais sa bhfarraige,
Agus glanann an t-uisce mo chuid fola,
An salann á cneasú.
Deirim paidir,
Agus siúlaim liom abhaile,
Cosnochta.

# An Céilí Mór

*Sorcha de Brún*

'Beidh céilí is ceolchoirm ar siúl,
Thíos sa chistin anocht!
Bígí ann nó as, a chairde,
Beidh na seiteanna ag tosú ar a hocht!'

'Ach níl cead againn bróga a chaitheamh,
Beidh orainn a bheith inár dtost.
Rachaimid ag ceol agus ag rince
Ach go gcaithfimid dul cosnocht!'

B'in a bhí ar an bhfógra,
A chroch an luch ar an gcófra aráin:
'Ná habraigí faic le bean an tí, sibhse,
Nó beimid go léir i sáinn!'

'Cosnocht?' a d'fhiafraigh an chiaróg.
Thaitin a bhróga leis.
Rinceoir den chéad scoth ba ea é,
Duaiseanna tugtha leis ag an bhfeis.

Ar a hocht ar an toirt tháinig an coileán,
Agus ruamann na gcoinneal isteach,
An chiaróg, an luch, an céadchosach,
Bhí an francach agus an puisín déanach.

An t-iasc agus an sionnach sa deireadh,
Agus é beagnach ceathrú tar éis:
'Cá raibh sibh go dtí seo, a chairde?
Cuirimis tús leis an spórt is an scléip!'

Buaileadh suas an ceol mar is ceart,
*Ballaí Luimní* ba ea an chéad cheann.
Rinne na ciaróga dána an *Staicín Eorna,*
Taispeántas dá leagan féin a bhí ann.

Réitigh ruamann na gcoinneal a scornach
Is chan sé de ghlór álainn binn
Cúpla véarsa de *Dónall Óg*,
Is chaoin an puisín bocht uisce a chinn.

'Bíodh *Nead na Lachan* againn ón sionnach!
Nílimid chun tú a fhágáil ar lár!
Éistimis leis an bhfrancach ar na píoba!
An francach, ard-fhear, cara mór!'

'Timpeall an tí arís eile!
A haon, is a dó, is a trí!
Luascadh, luascadh, *luascadh*!
Ó, nach againne atá an spórt is an spraoi!'

Leanadar ar aghaidh le *Baint an Fhéir*,
Nár ghlórach a bhí an bualadh bos,
An clampar, an spleodar is an fuadar,
An ghabháil fhoinn is greadadh na gcos.

Ansin nár bhris an céadchosach pláta,
Is é ag iarraidh é a sheinm mar bhodhrán,
Thit smidiríní ar fud an bhaill,
In aice an innill níocháin.

Arsa fear an tí ina leaba thuas staighre:
‘In ainm Chroim, cad é an raic?’
‘Thar n-ais a chodladh leat!’ arsa a bhean:
‘Bhís ag taibhreamh, ní chloisimse faic.’

Amach leis go dtí barr an staighre
Mar ar thug sé cluas an-ghéar.
Chuala sé doirse ag dúnadh,
Bhraith sé na guthanna beaga go léir.

*Óró Sé Do Bheatha Abhaile,*
Agus tar éis sin *Amhrán na bhFiann:*
‘An ag dul le gealaigh atá mé,
Nó an bhfuilim ag éirí críon?’

Síos leis chomh fada leis an gcistin,
Bhí an doras cúil ar leathadh ag an ngaoth:
*Táimse i mo chodladh*, a chuala sé,
Is an macalla, *Ná dúistear mé.*

Ní raibh le feiceáil ach an ghealach in airde,
Ní raibh le cloisteáil ach glór na habhann.
Ach bhí ceol ag teacht ar an ngaoth chuige,
Tríd an oíche dhorcha dhomhain.

# Dathanna

*Patricia Forde*

*Do James*

Is glas iad na cnoic atá i bhfad uainn,
Is gorm iad na tonnta i gcéin,
Nach buí iad na bláthanna sléibhe,
Nach bán iad an eala is an néal.

Is dearg í an tine agus fearg uirthi,
Is liath é an cat ina shuí,
Nach corcra é an bláth ar an bportach,
Nárbh iontach é an saol mar a bhí.

Is dubh í an oíche sa gheimhreadh,
Is geal iad na réaltaí sa spéir,
Nach órga é an solas sa samhradh,
Nach uaine mo chos insan fhéar.

Is donn iad mo shúile sa scáthán,
Is bán iad na fiacla i mo bhéal,
Nach deas le Dia na dathanna,
Cibé cén dath atá ort féin!





# Síocháin

*Seán Ó Muimhneacháin*

Cantain éanlaithe le héirí gréine,
Drúcht geal gléineach go tiubh ar fhéar,
Uain ag léimnigh le hais na gcaorach,
Leoithne éadrom i measc na gcraobh;
Síocháin ar talamh i measc míolta Dé.

Leanbh grámhar ar ucht a mháthar,
Go socair, sásta ag diúl na gcíoch;
Suantraí álainn á gabháil go binn dó
Go míonla mánla ag a mháthair mhín;
Síocháin cois teallaigh mar a d'ordaigh Críost.

Gaolta is cairde chugainn thar tairsigh
In am an ghátair le cabhair is féile;
Gaoth ná báisteach ní chealaíonn cairdeas,
Le comharsain lámh linn, tá an cúrsa réidh;
Síocháin agus grá i measc pobal Dé.

Ach buamaí ag pléascadh agus gunnaí ag réabadh
Ag lucht foréigin le bladhm is gleo,
Marú agus céasadh gan taise d'éinne,
Na céadta ag caoineadh faoi bhrat an bhróin.
Tabhair dúinn, a Thiarna, síocháin go deo.

# Tomás Dubh

*Uinsionn Ó Domhnaill*

Aníos an baile
Leis an otharcharr:
Bonnán ag séideadh,
Solas ag splancadh –
Cá raibh a thriall?
Lá arna mhárach
A chuala muid an scéal:
Tomás Dubh cóir,
Gur éag a shaol.
Stad a chroí
A dúradh linn,
Ní fhéadfaí é a shábháil,
Ní fhéadfaí é a leigheas.
Ba mhór an chaill é,
Ba thrua le rá,
Drumadóir maith,
Ceoltóir breá.

Ní chluinfidh muid
Do cheol arís,
Ach tá do chlann
Ag fás aníos.
Tá géaga óga
Ag fás ar an chrann,
Leanfaidh an ceol,
Leanfaidh an greann.



# Lá Fliuch


*Uinsionn Ó Domhnaill*

Tá sé ag cur is ag báisteach
Ó mhaidin inniu,
Tá achan rud cáidheach;
Tá achan rud fliuch.

Tá srutháin ag sileadh
Le fánaí an tsléibhe,
Ag déanamh a mbealach
Go híochtar tíre.

Tá tuile san abhainn
Is í thar a bruach:
San áit a raibh cuibhrinn
Anois tá loch.

Ar thaobh an bhealaigh
Tá uisce ina rith,
Ag casadh is ag sníomh
Go bun an chnoic.



Tá an spéir dubh dorcha
Is an t-aer go tais.
An bhfuil deireadh i ndán dúinn
Nó an bhfuil an Díle ar ais?

Ach feicim thiar
I mbun na gaoithe,
Léire bheag ghorm
Ag nochtadh go croíúil.

Is ar maidin amárach
Soilseoidh an ghrian,
Ag cur aoibhnis is pléisiúir
Ar mhuir is ar thír.



# Bláithín Feoite

*Seán Ó Muimhneacháin*

Bhí bláithín beag gleoite ag fás sa ghairdín,
Bláth a thug sásamh is taitneamh do mo chroí;
Dathanna áille, bán, dearg is buí;
Chuir sé barr maise ar áilleacht mo thí.

Bláithín beag feoite go leonta ina luí,
Bláithín beag feoite go dreoite sa draoib.
Scar sé le hómra a chló is a ghnaoi
Agus d'imigh ar seol gan treoir leis an ngaoth.

A bhláithín na hóige a bhí órga inné
Is cás agus is brón liom d'imeacht in éag.
Áilleacht do shnua, do chló is do scéimhe
D'imigh go róluath, ba róghearr do ré.

Is amhlaidh don óige do b'eol dúinn go léir;
Bhí fuinneamh is brí ionainn gan teorainn inné,
Ach thíos sa tráthnóna thig ceo chugainn ón spéir,
Is cá bhfios ná go mbeimid amárach sa chré.

A Athair na bhFlaitheas a chum an bláth buí,
A bhronn orainn beatha is a thógfaidh uainn í,
Deonaigh dúinn, a Athair, an bheatha shíoraí,
Ach, an gcuideoidh *an bláth seo* le háilleacht Do thí?

# Cén Fáth?

*Patricia Forde*

Cé a chuir an dearg sa tine,
Cé a chuir an boladh sa bhláth,
Cé a chuir an canadh sa chuaichín,
Cé a chuir an phóg sa ghrá?
Cé a chuir an torann sa toirneach,
Cé a chuir an oíche sa lá,
Cé a chuir na smaointe i do cheannsa,
Cé a chuir an cheist in ‘Cén fáth?’

Ó pheann na bhfilí
bronnaimid ort sa leabhar seo:

raidhse rann
flúirse filíochta
agus

# Dalladh Dánta

An Gúm